Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Tuarascáil ar Nochtuithe Cosanta, 2022

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, (arna leasú), iarrtar ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh a rinneadh (más ann). Ní mór nach bhféadfaí daoine a dhéanann nochtuithe a aithint mar gheall ar an tuarascáil seo.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim timpeallacht thacúil chun cinn dár mbaill foirne imní a ardú i dtaca le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre agus soláthraímid an tacaíocht riachtanach d'oibrithe a thugann fíorchúiseanna imní chun solais.

Clúdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

In 2022, ardaíodh ábhar imní amháin faoi 'Pholasaí na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Nochtadh Cosanta a thuairisciú san Ionad Oibre'. Rinne Grúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar an ábhar imní seo agus rinneadh beart leantach cuí.

Is duine forordaithe faoin Ordú 2020 maidir le hAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe), é Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na hábhair uile a bhaineann le measúnú, bailiú agus bainistiú cánacha agus dleachtanna. In 2022, rinneadh trí nochtadh dhéag leis an Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha. Bhí gach nochtadh faoi réir measúnaithe agus imscrúduithe nó osclaíodh idirghabhálacha de réir mar is cuí.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim mar bhall den chlár Integrity at Work, tionscnamh de chuid Transparency International Ireland agus táimid tiomanta d'ionad oibre eiticiúil a chothú. In 2022, fuair 14 ball foirne oiliúint maidir le conas Nochtuithe a Láimhseáil.